# An maith leat é?
# Do you like it?

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad é?<br>Cad é seo?<br>Cad é sin? | What is it?<br>What is this?<br>What is that? |
| | Is *<u>cupán</u>* é. | It's a *<u>cup</u>*. |
| | Cad iad seo?<br>Is *<u>cupáin</u>* iad. | What are these?<br>They're *<u>cups</u>*. |
| **2.** | An *<u>cupán</u>* é seo? | Is this a *<u>cup</u>*? |
| | Sea.<br>Is *<u>cupán</u>* é. | Yes [it is so].<br>It's a *<u>cup</u>*. |
| | Ní hea.<br>Ní *<u>cupán</u>* é.<br>Ní *<u>cupán</u>* é, ach *<u>gloine</u>*. | No [it is not so].<br>It's not a *<u>cup</u>*.<br>It's not a *<u>cup</u>*, but rather a *<u>glass</u>*. |
| **3.** | Is maith liom *<u>líomanáid</u>*.<br>Ní maith liom *<u>líomanáid</u>*.<br>An maith leat *<u>líomanáid</u>*?<br>Nach maith leat *<u>líomanáid</u>*? | I like *<u>lemonade</u>*.<br>I don't like *<u>lemonade</u>*.<br>Do you like *<u>lemonade</u>*?<br>Don't you like *<u>lemonade</u>*? |
| | Is maith.<br>Ní maith. | Yes [is good].<br>No [isn't good]. |
| | Is breá liom *<u>líomanáid</u>*.<br>Is fearr liom *<u>uisce</u>*.<br>Is fuath liom *<u>líomanáid</u>*. | I love *<u>lemonade</u>*.<br>I prefer *<u>water</u>*.<br>I hate *<u>lemonade</u>*. |
| | Cad is maith leat?<br>Cén saghas bia is maith leat? | What do you like?<br>What kind of food do you like? |
| **4.** | Ba mhaith liom *<u>líomanáid</u>*.<br>Níor mhaith liom *<u>líomanáid</u>*.<br>Ar mhaith leat *<u>líomanáid</u>*?<br>Nár mhaith leat *<u>líomanáid</u>*? | I'd like *<u>lemonade</u>*.<br>I wouldn't like *<u>lemonade</u>*.<br>Would you like *<u>lemonade</u>*?<br>Wouldn't you like *<u>lemonade</u>*? |
| | Ba mhaith.<br>Níor mhaith. | Yes [would be good].<br>No [wouldn't be good]. |
| | B'fhearr liom *<u>uisce</u>*. | I'd prefer *<u>water</u>*. |
| | Cad ba mhaith leat?<br>Cén saghas bia ba mhaith leat? | What would you like?<br>What kind of food would you like? |

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

**Comhrá 1**
A: Cad é sin?
B: Is cupán é.
A: An cupán é sin freisin?
B: Ní hea. Ní cupán é, ach gloine.

**Conversation 1**
What's that?
It's a cup.
Is that a cup, too?
Nó. It's not a cup, but a glass.

**Comhrá 2**
A: An maith leat uachtar reoite?
B: Ní maith. Is fearr liom torthaí.
A: An maith leat seacláid?
B: Is breá liom seacláid.

**Conversation 2**
Do you like ice cream?
I don't. I prefer fruit.
Do you like chocolate?
I love chocolate.

**Comhrá 3**
A: Ar mhaith leat tae?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom uisce.
A: Ar mhaith leat brioscaí freisin?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.

**Conversation 3**
Would you like some tea?
No. I'd like some water.
Would you like some cookies, too?
Yes. Thank you.

**Comhrá 4**
A: Ar mhaith leat glasraí?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí.
A: Nach maith leat glasraí?
B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois.

**Conversation 4**
Would you like some vegetables?
I wouldn't. I'd like potatoes.
Don't you like vegetables?
I do, but I'd prefer potatoes now.

**Comhrá 5**
A: Ar mhaith leat feoil?
B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil.
A: Cén saghas bia ba mhaith leat?
B: Ba mhaith liom cáis. Is breá liom cáis.
A: Ar mhaith leat torthaí freisin?
B: Ba mhaith, go raibh maith agat.

**Conversation 5**
Would you like some meat?
No. I hate meat.
What kind of food would you like?
I'd like some cheese. I love cheese.
Would you like some fruit, too?
Yes, thank you.

**Comhrá 6**
A: Cén saghas bia ba mhaith libh?
B: Ba bhreá linn sailéad.
A: An maith le Máire iasc?
B: Ní maith. Is fuath léi iasc.
A: Ar mhaith le Seán milseáin?
B: Níor mhaith. Ní maith leis milseáin.

**Conversation 6**
What kind of food would you like?
We'd love some salad.
Does Mary like fish?
No. She hates fish.
Would Sean like some candy?
No, he doesn't like candy.